# Scoil Mhic Dara

An Cheathrú Rua

# 1956 - 2006



Iubhaile 50 Órga

# Scoil Mhic Dara

An Cheathrú Rua

SMD

Ag comóradh an leathchéid

## 1956-2006

*Misiún na Scoile*

# Oideachas Gaelach,

# cóir i dtimpeallacht slán,

Forbairt intinne is anama, Forá

aigne is eagna,

Saibhriú cultúi

Críostaí, cothrom,

sona,
spreagúil,

buanna is meanma, só.

is ealaíne.

Scoil Mhic Dara
An Cheathrú Rua

Ba mhaith leis an gcoiste agus foireann na scoile buíochas ó chroí a ghabháil le chuile dhuine a thug tacaíocht agus cúnamh, ar bhealach ar bith, an iris seo a chur i dtoll a chéile.

**Go gcúití Dia libh é.**

# LEATH-CHÉAD 50 *Bliain* Slán

Is mór an chúis bróid dom gur h-iarradh orm cúpla focal a chur mar bhrollach leis an leabhrán seo.

Is maith is cuimhneach liom an chéad lá ar thosaigh obair ar an suíomh ar a bhfuil Scoil Mhic Dara suite sa lá atá inniu ann. Bhí mé i mo ghasúr óg i rang a haon/dó thiar sa t-Sean Scoil, (Acadamh Ollscoile na Gaillimhe anois), nuair a chonaic muid an t-inneall mór tochailte (J.C.B. nó a leithid is dócha), agus é ar a bhealach isteach sa n-garraí ina bhfuil Scoil Mhic Dara sa lá atá inniu ann.

Bhí idir mhúinteoirí agus ghasúir ag breathnú soir agus iad ag déanamh iontais den radharc a bhí le feiceáil thoir i n-garraí an t-sagairt acu an mhaidin úd. Caithfidh mé a rá go mba scéal eile a bhí ann an tráthnóna céanna sin agus 'an láimh in uachtar' faighte ag clocha agus ag carraigeacha Chonamara ar an inneall nua-aimseartha úd, mar go raibh sé ina staic sa ngarraí, é briste síos agus é le tarraingt amach as an áit. Nach againne a bhí an t-ábhar breá aiste an oíche sin.
Ba bhreá liom cur síos níos doimhne a dhéanamh arís ag am eicint eile, ar éachtaí na bhfear a bhí ar mhuinín a ndíchill ag cur a gcuid allais ag obair go crua agus iad ag tógáil na scoile seo ar feadh bliana ina dhiaidh sin, ach ag an tráth seo níl le rá agam ach gur mór an chúis áthais dom gur iarr an coiste orm-sa píosa beag a scríobh don leabhrán seo agus muid ag ceiliúradh leath-chéad bliain na scoile ar an bhfód sa gCeathrú Rua.

Mar iar-scoláire den scoil seo ón gcéad lá ar oscailt di i 1956, mar mhúinteoir sa scoil ó 1971 agus mar Phríomhoide ó 1980 go dtí gur éirigh mé as i 2005, nach breá an onóir dom an seans seo a bheith agam a bheith páirteach leis an gcoiste atá anois ag ceiliúradh na leath-chéad bliain atá caite ó h-osclaíodh doirse na scoile seo den chéad uair.

Caithfidh mé fíor bhuíochas agus comhgháirdeachas a ghabháil le Mairéad Mhic Dhonncha, Príomhoide na Scoile, agus leis an Ath Pádhraig Audley S.P., Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, as an obair atá curtha isteach acu 'sna hócáidí éagsúla atá eagraithe acu i rith na bliana seo.
Tá ár mbuíochas tuillte freisin ag na coistí, eagraíochtaí agus acu siúd uilig atá páirteach sa gceiliúradh seo linn.

Ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar na gasúir dheasa uilig agus a gcuid tuismitheoirí, a raibh baint agus tionchar acu ar an scoil i rith na mblianta. Cuimhníonn muid freisin ar na foirne oibre éagsúla a d'fhág rian a láimhe ar an scoil agus orthu siúd a bhí faoina gcúram.
Tá muid fíor-bhuíoch dóibh siúd ar fad a thug urraíocht nó tacaíocht ar aon bhealach don ócáid seo agus d'ócáidí go leor eile san am atá caite.

Cuimhneoidh muid go deo oraibh-se uilig, a raibh baint nó páirt agaibh leis an scoil seo 'sna blianta atá caite, na fir a thóg an scoil agus oraibh-se a raibh an fhís agaibh foirgneamh scoile agus halla den t-sórt a thógáil ag an am. Ba mhór mar chúis bróid agus ceiliúradh don phobal anseo i 1956 go raibh an scoil tuaithe ba mhó sa tír suite ina gceantar féin sa gCeathrú Rua.

Guím saol sona sásta orthu siúd uilig a mbeidh baint ar aon bhealach acu le Scoil Mhic Dara 'sna blianta seo romhainn.

**Cóilín Ó Domhnaill**
*An Coiste Ceiliúradh*

# Comhgháirdeachas le

le *Scoil Náisiúnta Mhic Dara* atá
ag ceiliúradh an Iubhaile Órga.

**Scoil Náisiúnta Mhic Dara**
*An Cheathrú Rua*

Scolaíocht i ndlúth agus in
inneacht atá fite fuaite faiscithe
i gCeantar na Ceathrún Rua.

**Máirín Uí Fhlatharta**

Tobar na Foghlamtha
Foinse an Léinn
Seod an Phobail
Cosán an tSaoil
Réalt an Eolais
Taisce an Chultúir
Cliabhán na Litríochta
Carraig na nGael
Teagasc an mhúinteora
Beatha an scoláire
Fáiltiú don strainséara
Omós don aois
Meas ar ár dteanga
Ceangal le baile
Bród as ár gceantar
I measc muintire's gaoil

# Foireann na Scoile

*2006 - 2007*

| | |
|---|---|
| Mairéad Mhic Dhonncha | *Príomhoide* |
| Katherine Ní Cheallaigh | *Leas Príomhoide (Rang 6)* |
| Síofra Ní Fhlaithearta | *Rang 1* |
| Córa de Paor | *Naíonáin Shóisir* |
| Ciara Ní Chorrduibh | *Naíonáin Shinsir* |
| Nuala Ní Chonláin | *Rang 2* |
| Bernie Wyndham | *Rang 3* |
| Mary Nic Dhonnacha | *Rang 4* |
| Olivia Ní Loingsigh | *Rang 5* |
| Muiris Mac Gearailt | *Rang Achmhainne* |
| Laoise Ní Chomhraí | *Rang Tacaíocht Foghlama* |
| Máirtín Breathnach | *Caidreamh Baile* |
| Ann Marie Ní Chualáin | *Roinnt Poist* |
| Micheal S. Mac Donnacha | *Ar iasacht ag an Roinn* |
| Niall Mac Con Iomaire | *Ionadaí Rang 3* |
| Mairín Uí Fhlatharta | *Cúntóir Ranga* |
| Bernie Uí Dhomhnaill | *Cúntóir Ranga* |
| Caitlín Uí Dhomhnaill | *Cúntóir Teangan* |
| Laoise Uí Chomhraí | *Múinteoir Páirtaimseartha Tacaíocht Foghlama* |
| Eithne Ní Dhomhnaill | *Rúnaí* |

# Halla na Scoile

## *Athoscailt Oifigiúil Halla na Scoile 7ú Márta 2005*

Nuair a tógadh Scoil Náisiúnta Mhic Dara sa mbliain 1956 creidtear nach raibh a leithéid d'fhoirgnimh tógtha i dtimpeallacht na Gaillimhe. Ba mhaith é scil an innealtóra ar an leagan amach, ach ní bhfearr ná sin arís go raibh halla breá mór san ionad. Bhí an obair bhaile déanta go cruinn agus go foirfe ag an gcoiste. Bhíodar fadbhreathnaitheach. Chonachtas an cúltúr Gaelach i measc an cheantair. Bheadh muintir agus bpobal na h-áite in ann a n-áit a thógáil ar stáitse i measc maithe agus mór-uaisle. Thríd seo uilig cothaíodh cairdeas le daoine as ceantair éagsúla taobh amuigh's taobh istigh den Ghaeltacht.

D'oscail doirse na drámaíochta agus fuinneoga na h-ealaíona. Chualathas fuaim an cheoil bhreá Ghaelaigh agus macalla chéimeanna an damhsóra. Bheoigh bród ár dteanga agus cultúr ár n-oidhreachta. Ionas nach ligfidh na tréithe seo i léig, sa mbliana 2002 shocraigh triúr ban Katherine Ní Cheallaigh, Máirín Uí Fhlatharta agus Bernie Uí Dhomhnaill gur mhaith an rud dreach nó cóiriú nua a chur ar halla na scoile.

Bhí airgead mór i gceist. Sheas an pobal leis an gcinneadh. Bhí flaithiúlacht agus féile le mothú le linn an fheachtais airgid. Dearnadh an halla a phéinteáil, cuireadh urlár breá maple isteach,dallóga ar na fuinneoga,cuirtíní breátha stáitse agus córas soilse agus fuaime den chéad scoth. Is féidir a rá gur ionad mhór chultúrtha é halla na scoile anseo i gConmara. Le cabhair deontais ó Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta níor fhan euro d'fhiacha ar Choiste an Halla. A bhuíochas sin do chuile eagraíocht, coiste, cumann, lucht gnó, pobal áitiúil, tuismitheoirí,scoláirí agus Bord Bainistíochta na scoile. Rinne an t-Uasal Éamon Ó Cuív oscailt oifigiúil ar halla na scoile ag ceiliúradh an athchóiriú bhreá ar an 7ú Márta 2005.

Cuireadh sólaistí agus deoch le fleá's féasta ar fáil. Bhain gach a raibh i láthair an -taithneamh as an ócáid. Guímid chuile rath ar Iubhaile Órga na scoile. Go mba fada buan chuile dhuine a tiocfas leis an gceiliúradh a chomóradh.





Cáipéisí
SEPTEMBER 22, 1956
Confidential
22, 1956
Seán Ó


MEMORANDUM.
The attention of Managers and Teachers of National Schools is directed to
the importance of giving due prominence to the following requirements of the
Public Health (Ireland) Act, 1878, Section 146:—
"Any person who shall k
School who
ngly or negligently send a child
ree months, has been suffering
, or who has been resident in
fectious disorder shall have
without a certificate from
at such child is free from
her clothes have been
enalty, not exceeding
ted on cards and
ance of it should
cially reported
OFFICE OF NATIONAL EDUCATION,
DUBLIN, March, 1903
P. E. LEMASS,
OSCAILT
oile
ATRÚ RUA.
AGUS PÁRAIC Ó


# Cáipéisí Scoil Mhic Dara

Shocraigh an coiste roinnt samplaí a phiocadh as na rollaí a théann siar go dtí 1889.Phioc muid na ranganna a bhí ann nuair a thosaigh gasúir na h-áite ag freastal ar Scoil Mhic Dara ar 1/7/56.
Chomh maith leo siúd tá cóip den leabhar nó cód smachta a bhain le pianos a thabhairt ,agus tuairiscí cigirí agus litreacha ón Roinn Oideachais thar na mblianta.
Tugann tuairiscí na gcigirí agus cáipéisí léargas mhaith dúinnar an saol a bhí ann fadó.Tugann siad eolas dúinn faoi thinnreamh ,caighdeán oideachais agus gnath-shaol na ndaoine ag am am.
Tá suas le dhá chéad leabhar rolla againn coinnithe go slán sábháilte chomh maith le go leor cáipéisí eile.Is foinse iontach staire atá iontu seo a cheart a chaomhnú.Tá súil againn go mbeidh siad ar fad le feiceáil ar ar suíomh idirlín nua na scoile atá muid a shocrú suas faoi láthair.

**Máirtin Breathnach**
*Caidreamh Baile*




*Rang V Buachaillí 1956*



*Rang V Cailíní 1956*

... de Blaca, Cill an Fiaio; Seán Ui Colcúin, O.S.; Liam Mac Seán ... Cábáin; Micéal Ó Dónnaill, Comhairle Contae; Nóel de Cheann; Seán Ó Sé, Ceaṫrú Rua.

# Beannú agus oscailt scoile

Taréis don sagart parráiste, an t-Aṫair Oirṁidneaċ A. Ó Móráin, an scoil do ḃeannú d'oscail an t-Aire Oideaċais, an Ginearál Ó Maolċaṫa, scoil núa-ṫógṫa na Ceaṫrú Rua ar Dia Céadaoin na seaċtaine seo ċuaiġ ṫart. Tá an scoil ar ceann de na scoileanna tuaiṫe is mó in Éirinn agus ċosain sé ós cionn £30,000 í ṫógáil.

Is as ábair ṫógála dúċasaċ a tógaḋ an scoil agus ċó fada is a ḃféidir é friṫeaḋ na h-ádḃair ins an gceanntar timpeall na sgoile. Cloċ eiḃir as Ros-a-Ṁíl a cuireaḋ ins na ballaí agus tá ballaí na seomraí ranga ornáidiṫṫe le gairḃéal na Ceaṫrú Rua.

Beiḋ ós cionn ceiṫre ċéad dalta ag freastal na scoile.

Taréis dó na scoil d'oscailt labair an t-Aire ar táḃaċt na Ceaṫrú Rua agus na Gaeltaċta in aiṫ-ḃeóċaint na teangan. Ḃí súil aige gur gearr go mbeaḋ

## Cois Fairrge

ceól, filíoċt agus scéalta na Gaeltaċta le clos go fóirleaṫan ar fud Éireann agus go mbeaḋ an Ġaeltaċt ina réalt-eolais ag an gcuid de'n tír naċ ḃfuil Gaeilge dá labairt ann fós.

Sa t-sean aimsir nuair naċ raiḃ scoil ná scoluíoċt dá fáil aċ ag an mbeagán ṁair an Ġaeilge ó ġlún go glún. Ḃeaḋ meas ag na scoláirí ins an scoil nua mar raiḃ ag a sinnsear agus ḃí an córr ann le ceól, drámaíoċt agus oiliúint coirp a foirḃiú. Ḃí cóir dá ċur ar fáil do na cailíní i dtíos—ábar fíor táḃaċtaċ sa linn seo.

... ḃa linn deo.

Ag an dinnéar taréis na h-oscailte labair an t-Uasal Éamonn de Valera, T.D. Ḃí súil aige, cé go raiḃ sé deacair, adeir sé, go mbeaḋ muintir na tíre i ndon an Ġaeilge a ċur dá labairt mar beó-teanga arís i ngaċ cúinne do'n tír.

D'fáiltiġ an t-Aṫair Ó Móráin roiṁ an gcuideaċta. Dúirt sé gur ṁór an ċabair an scoil nua le laiġdiú a ċur ar an líon daoine aḃí a dul ṫar lear aċ má ḃí faoi an Rialtas deire a ċur leis an imirce ó'n nGaeltaċt ḃeaḋ orṫa monarċaí a ṫógáil agus slí ṁaireaċtála a ċur ar fáil do'n aos óg.

Dúirt G. Mac Partalóin, T.D., go raiḃ sé de ḋualgas ar gaċ aon Rialtas cabair agus cúnaṁ a ṫabairt do'n Ġaeltaċt.

Ar na daoine eile a labair ḃí an t-Uasal B. Ḃuaiḋ-Ḃairéad ó Bord na n-Oibreaċa Puiblí agus an t-Uasal S. S. Mac Gabann, tógálaí.

Roiṁ oscailt na scoil léiġ an t-Aṫair A. Ó Móráin, S.P., Árd Aifreann i dteaċ pobuil na Ceaṫrú Rua. An t-Aṫair S. de Bláca, S.C., Tír an Ḟiaiḋ, aḃí ina deocan, an t-Aṫair T. Ó hOireaċtaiġ, S.C., An Cnoc, ina fó-deocan, agus an t-Aṫair T. Ó Móráin, S.C., Inis Tíar, aḃí ina Reaċtaire.

I láṫair ḃí: An t-Aṫ. T. Ó Cillín, S.P., agus an t-Aṫair M. Breaṫnaċ, S.P.; an t-Aṫ. T. Ó Máille, S.C.; an t-Aṫ. T. Ó Riain, S.C.; an t-Aṫ. Ó Duanaide, S.C.; an t-Aṫ. Ó Tóibín, S.C.; an t-Aṫ. Cartúir, S.C.; an t-Aṫ. Ó Loideáin, S.C.; an t-Aṫ. Ó Maolfabáil, Cluain Ṁuire; an t-Aṫ. Ó Feargail, Coláisde Iognáid; an t-Aṫ. Mac Culaiġ (Misinéaraċt na bFilipiní) agus an t-Aṫ. Ó Muirṫe as Leeds, Sasana.

I láṫair freisin ḃí Máirín, iníon de Valera; Caoiṁín Uas. Ó Doṁnallán, Bord na n-Oibreaċa Puiblí; Míċeál Ó Doṁnaill, Ceaṫrú Rua; Maiṫiú Ó Doṁnaill, Ceaṫrú Rua; Míċeál Ó Doṁnaill, Comhairleóir Condae: Piaras Ó Conaire, Príoṁ Oide Scoil Gairm Ċuimís, agus Páraic Ó h-Eidin, Cigire Scoile.

Seo leanas múinteóirí na scoile: Míċeál Ó Nualláin, Brian Ó Muireadaiġ, Liam Mac Donnċa, Bean Uí Colċuain, Bean Uí Ċuinneagáin, Iníon Uí Cuinneagáin, Cáit iníon Uí Flaiṫbeartaiġ, Máire iníon Uí Flaiṫbeartaiġ, agus Bean Uí Doṁnaill.

### Céiḃ an Ċaoráin

Tá an obair deasúċáin a ḃí ar céiḃ an Ċaoráin le ceiṫre mí anuas i ndáil le beiṫ críoċnaiṫe.

### Ábar nua sa ngairm-scoil

Beiḋ teagasc i miotalóireaċt dá ṫabairt i nGairm Scoil Colm-Cille i mbliana. Níor tugaḋ aon teagasc san ábar i gConnamara go dtí seo.

### An fómar

**Cé go ḃfuil riar maiṫ féin ar iotlainn tá cuid maiṫ de'n arún le sábáilt fós agus muna dtagann feabas ar an aimsir go luaṫ beiḋ cuid de'n féar 's don ċoirce ó raṫ.**

An rud is measa ar fad go ḃfuil na fataí ag lobaḋ cé go raiḃ súil le toraḋ maiṫ i riṫ an t-Saṁra.

### Scoláireaċt

D'éiriġ le Seán Seosaṁ Ó Confaola as na Doireaḋ ceann le trí scoláireaċta na Gaeltaċta a gnóṫáil de toraḋ an Árd Teastas i mbliana. Fuair sé a ċuid bun oideaċais i Scoil Leiṫirmuccú mar a ḃfuil a aṫair, Nioclás Ó Confaola, ina ṁáistir scoile. Is i gColáiste Iarfláṫa Mhuire, Tuaim, a fuair sé a ċuid Meán-Oideaċais. Céad punt sa mbliain ar feaḋ ceiṫre bliana is fiú an scoláireaċt.

### Aontaí

Aontaí beaga aḃí i nDoire ... Ḟiaiḋ agus ar an Spidéal i dtú... na seaċtaine. Ní raiḃ mórán ... fiafraiġe ar eallaċ agus ... beagán á ḋíolaḋ is ar ... mbeagán é. Beiṫiġ tógṫa ... ceannaiḋ bliain ó soin níor ... taingeaḋ i ḃfáisgeaċt cúig punt ... dá gcéad luaċ orṫa. Bé tuaim... na ndioltóirí go m'iad na h-aon... taí ba measa le sé bliana iad.

### Aṫrú ar clár-ama na mbus

Ó Dia Luain seo caite ... aṫrú ar ċlár ama na mbus. Ní... aċ bus aṁáin a fágáilt ... Gaillime tráṫnóna ar a sé ... ċlog. Beiḋ bus an ṁeáin lae ... fágáilt feasta ag leaṫ-uair tar éis a trí.

*Confidential.*—for the information of Manager, Teacher and Board's Officers.

From Report of a Results Examination of St. Mac Dara's Inverin
National School, District 34 Visited on 4th 5 September 1904
by Mr. [illegible] District Inspector.

This new School-house has been established since 27th of March 1903.

The present Results period extended over 14 months, and the services of the Teacher have been useful.

The proficiency was on the whole good in the ordinary and extra branches, Book-keeping excepted.

I detected the pupils resorting to unfair means in the execution of their Drawings.

## MEMORANDUM.

The attention of Managers and Teachers of National Schools is directed to the importance of giving due prominence to the following requirements of the Public Health (Ireland) Act, 1878, Section 146:—

"Any person who shall knowingly or negligently send a child "to School who, within the space of three months, has been suffering "from any dangerous infectious disorder, or who has been resident in "any house in which such dangerous infectious disorder shall have "existed within the space of six weeks, without a certificate from "some duly qualified Medical Practitioner that such child is free from "disease and infection, and unless his or her clothes have been "properly disinfected, shall be liable to a penalty, not exceeding "Forty Shillings."

This extract from the Public Health Act is now printed on cards and supplied for suspension in all National Schools, and the substance of it should from time to time be impressed upon the pupils by the Teachers.

Any Teacher who neglects this duty in future will be specially reported to the Commissioners.

By order,

P. E. LEMASS,

*Secretary.*

Office of National Education,
Dublin, *March*, 1903.

## Instructions in regard to the Infliction of Corporal Punishment in National Schools.

(1.) Corporal punishment should be administered only for grave transgression—never for failure in lessons.

(2.) The Principal Teacher only should inflict the corporal punishment. An interval of at least ten minutes should elapse between the offence and the punishment.

(3.) Only a light cane or rod may be used for the purpose of inflicting the corporal punishment. The boxing of children's ears, the pulling of their hair, and similar ill-treatment are absolutely forbidden, and will be visited with severe penalties.

(4.) No Teacher should carry about a cane or other instrument of punishment.

(5.) Frequent recourse to corporal punishment will be considered by the Commissioners as indicating bad tone and ineffective discipline.

(6.) The particulars required by the headings should be entered in this Book before the infliction of the punishment.

(7.) The Principal Teacher must submit the Book to the Manager on the occasion of his first visit to the school after every case of punishment.

P. E. LEMASS,
W. J. DILWORTH, } *Secretaries.*

Office of National Education,
Marlboro' Street, Dublin.

# Ocáidí Eaglasta




éist






*Cóineartú 30ú Márta 2007*

# An Brat Glas

Bhain Scoil Mhic Dara Gradam Speisialta na timpeallachta amach don chéad uair i 2004. Déirigh leis an Scoil an dara brat a bhaint amach i 2006. Déanadh an bronnadh ag oifigí An Taisce i mBaile Átha Cliath.



*Brat 1 - 21ú Bealtaine 2004*



*Brat 2 - 28ú Feabhra 2006*

# Ar scáth a chéile

Ní fhéadfainn an deis seo a scaoileadh tharam gan buíochas a ghabháil leis na coistí ar fad a thugann tacaíocht don scoil – Coiste na dTuismitheoirí, An Coiste Pobail, Cumann Lúthchleas Gael ina measc. Is mór againn bhur dtacaíocht i gcónaí . Is mór é ar mbuíochas freisin do na Boird Bhainistíochta éagsúla a bhí ar an scoil ó 1975 agus an sagairt a bhí ag déanamh bainistiochta ar an scoil roimhe sin. Buíochas speisialta dóibh siúd a thug aire do fhoirgneamh agus timpeallacht na scoile agus go speisialta Johnny Ó Flatharta atá ag tabhairt fíor aire don scoil anois agus le blianta. Is iomaí duine a fhaigheann caidéis don dea chumtha atá ar an scoil áit a bhfuil rian a láimhe le feiceáil go soiléir.



**Mairéad Mhic Dhonncha**
*Príomhoide*

# Drámaíocht Tríd na mBlianta




*Dráma Niamh Cinn Óir Rang 4  1982 – 1983*
*Aedín Ní Fhlannacha, Adrian ó Cualáin, Maitiú Ó Domhnaill, Marie Ní Dhúbháin, Pauline Ni Fhlatharta,*
*Fionnuala Ní, Fhlatharta- (Niamh Cinn Óir)-(Bernie – Ros na Rún anois), Bríd Nic Dhonncha – ( Oisín), Eoin Ó Gairbhith*



*Slógadh 1991 Píobaire Hamelin*



*Rang a trí lena múinteoir Katherine Ní Cheallaigh ó Scoil Mhic Dara, an Cheathrú Rua le Corn Chaitlín Uí Néill a bronnadh orthu i bPáirc an Chrócaigh nuair a bhuaigh siad craobh na hÉireann san Fhéile Náisiúinta Scoildrámaíochta le gairid leis an dráma 'Mo Chéad Fhaoistin'.*



*Laoise Uí Chombraí, Caoimhe Ní Chombraí, Mary Ní Dhomhnaill.*




1992




2006



*Rang 2  1982- 1983*  *Ranganna eágsúla síos tríd na mblianta*




*Rang 5   1982- 1983*

















*Rang Naíonáin Shóisir 1988 – 1989* *Leis an múinteoir Bairbre Ní Churraoin*









*Rang Naíonáin Shóisir 1987 – 1988*     *Leis an múinteoir Treasa Ní Ghábháin*




*Rang Naíonáin Shinsir 1989 – 1990* *Leis an múinteoir Máire Mhic Dhonncha*





*Rang Naíonáin Shóisir 2000 – 2001*    *Leis an múinteoir Nuala Ní Chonláin*



# An n-aithíonn sibh iad seo?





# Spóirt

*1956 - 2006*

Seo í mo chúigiú bliain anseo ag múineadh i Scoil Mhic Dara. Tá áthas ormsa bheith i bhfeighil ar fhoireann caide! na scoile, spórt go bhfuil an –suim agam ann. D'éirigh linn Comórtas Peile Gael-Linn a bhuachaint sa bhliain '03 agus ó shin i leith tá muid tar éis cúpla 'final' a shroichint i bpeil na mbuachaillí agus na gcailiní. Dá réir, tá cúpla peileadóir bréa imithe trínár lámha agus súil againn go leanfaidh said ar aghaidh ag imirt don chlub agus b'fhéidir do Ghaillimh lá éigin!

Leis an aois ghrúpa atá faoinár gcúram, déanaimid gach iarracht díriú isteach ar na bunscileanna, go bhfuil an traenáil chomh taithneamhach agus is féidir, go dtugtar cothrom na féinne dos na buachaillí agus cailiní araon agus gurbh í an Ghaeilge atá á labhairt i gconaí.

Ag an tráth seo ba mhaith liomsa mo bhuíochas a ghabháil dos na haon duine a chabhraíonn liom, mo chomhmhúinteoirí a bhí agus atá ar fhoireann na scoile, Mairéad Mhic Dhonncha an príomhoide, Cóilín Ó Domhnaill iar phríomhoide na scoile, tuismitheoirí na scoile, Cumann Peile na Ceathrún Rua , Seán Mac Donnacha (clár chríochnú scoile) , Joe Joe Mac Donnacha agus Páraic o Conaire (Scéim Oiliúna Peile) agus go leor eile nach iad!

**Muiris Mac Gearailt**
*Rang Achmhainne*

## Buaiteoirí Chorn Uí Chonaire *1983*



# Foireann Peile Scoil Mhic Dara An Ceathrú Rua *1986*



*Ina seasamh ar chúl ó chlé: Pól Ó Cualáin, Breandán Ó hEadhra, Micheál Ó hIarnáin, Pól Mac Donnchadha, Seán Ó Domhnaill, Edbhard Ó Sé, Fergal Ó Flatharta, Seán Ó Ceallaigh, Jason Ó Cualáin, Peadar Ó Loideáin, Ciarán Ó hIarndir.*

*Ina suí ó chlé: Iarlaith Ó Sé, Máirtín Ó Conghaola, Micheál Ó Mógáin, Peadar Ó Flatharta, Déaghlán Ó Cualáin, Peadar Mac Donnchadha, Micheál Mac Donnchadha.*
*Múinteoirí, ar chlé: Stiofán Ó Flaithearta; ar dheis: Cóilí Ó Domhnaill.*

# Corn Uí Chonaire 1987



*Eoin Ó Beacháin, Breandán Ó hEaghra, Antaine Ó Mistéil, Rónán Ó Domhnaill, John Joe Ó Coisdealbha, Seán Mac Donncha, Máirtín Ó Flatharta, Danny Ó Flatharta, Eoin Ó Flatharta, Rónán Ó Coisdealbha, Antaine Mac Donncha, Barry Ó Flatharta.*

*Alan Ó Cualáin, Peadar Mac Donncha, Peadar Ó Loidéain, Jarlath Ó Sé, Micheál Mac Donncha, Pól Mac Donncha, Máirtín Ó Conghaile, Seán Ó Domhnaill, Pól Ó Cualáin, Ciarán Ó hIarnáin, Peadar Ó Gríofa.*

# Corn Áras Mháirtín Uí Chadhain 1993



*Líne Cúil: Diarmuid Ó Ráighne, Breandán ó Flatharta, Tomás Mac Donncha, Páraic Mac Donncha, Colin Ó Conghaile, Páraic Ó hIarnáin, Colm Ó Tuathail, Máirtín Mac Donncha.*

*Shane Ó Gairbhín, Ciarán de Paor, Pól Ó Loidéain, Séamus Ó Flatharta, Donncha Mac An Iomaire (Cap.) Cormac Ó Loidéain, Fergal Ó Loidéain.*


# Comórtas Thomáis Uí Chualáin *1994*



*Seán Ó Máille, Cillín Mac Donncha, Páraic R. Ó Mullaoidh, Máirtín Mac Donncha, Keith Ó Gairbhín, Colm Seoighe, Páraic Ó Flatharta, Pól Ó Loideáin, Páraic Mac Donncha.*

*Cillín de Paor, Colm Ó Domhnaill, Richard Ó hEaghra, Colin Ó Conghaile, Ciarán de Paor, Diarmaid Ó Flatharta, Tomás Mac Donncha.*

# Corn Uí Chonaire agus Corn Áras Mháirtín Uí Chadhain *1995*



# Cuairt Sam Maguire ar an Scoil *1998*




*Cuairt "Sam Maguire" ar an scoil i 1998 i dteannta iar scoláirí na scoile Seán Ó Domhnaill agus Seán Óg de Paor.*

# Buaiteoirí Corn Gael Linn i Rosmuc 2003



*Ina seasamh ar chúl ó chlé: Pól Ó Cualáin, Breandán Ó hEadhra, Micheál Ó hIarnáin, Pól Mac Donnchadha, Seán Ó Domhnaill, Edbhard Ó Sé, Fergal Ó Flatharta, Seán Ó Ceallaigh, Jason Ó Cualáin, Peadar Ó Loideáin, Ciarán Ó hIarnáir.*

*Ina suí ó chlé: Iarlaith Ó Sé, Máirtín Ó Conghaola, Micheál Ó Mógáin, Peadar Ó Flatharta, Déaghlán Ó Cualáin, Peadar Mac Donnchadha, Micheál Mac Donnchadha.*
*Múinteoirí, ar chlé: Stiofán Ó Flaithearta; ar dheis: Cóilí Ó Domhnaill.*

# Scoil Mhic Dara Cluiche Ceannais na mBuachaillí Comortás na mBunscoil 2004




*Ar chúl ó chlé: Muiris Mac Gearailt, Tomás Ó Gríofa, Criostóir Mac Donnacha, Ciarán de Bhailís, Jonathon Mac Donnacha, Michéal Mac Donnacha, Eoghan Ó Cadhain, Aonghus Ó Gríofa, Simon Mac Cormaic, Mairéad Mhic Dhonncha.*

*Chun tosaigh ó chlé: Tomás Mac Donnacha, Iarfhlaith Ó Conchubhair, Máirtín Ó Gríofa, Niall Mac Donncha, Páraic Éamonn Ó Fátharta, Paul Mac Donnacha, Aonghus Ó Domhnaill, Aodán Ó Gríofa, Brendán Mac Donnacha, Seán P. Ó Fátharta agus Harry Mac Donnacha.*

# Foireann Peile Scoil Mhic Dara An Cheathrú Rua 2005/2006



*Ar chúl ó chlé : Michéal Mac Donnacha, Oisín Ó Gríofa, Darren Ó Conghaile, Diarmuid Mac Donnacha, Cian Mac Donnacha, Ronán Ó Ceallaigh, Mairtín Ó Conghaile, Stiofán Mac Donnacha, Jeaic Ó Guithín, Tomás Mac Donnacha, Máirtín Óg Ó Catháin, Ciarán Ó Flatharta.*

*Chun tosaigh ó chlé: John Thornton, Emer Ní Dhomhnaill, Liam Mac Donnacha, Niamh Ní Chonchubhair, Orla Ní Mheachair, Katie Ní Dhonnacha, Wayne Ó Fatharta, Caoimhín Ó Gionndáin.*

Foireann Cailiní Scoil Mhic Dara ag glacadh páirt i gComórtas "Mini –7's" Cumann na mBunscoil Mí Márta 2006




*Ar chúl ó chlé: Niamh Ní Dhonnacha , Orla Ní Mheachair, Katie Ní Dhonnacha , Niamh Ní Chormaic, Louise Ní Dhomhnaill, Niamh Ní Dhonnacha.*

*Chun tosaigh ó Chlé : Katie Ní Dhubhháin, Aideen Bhreathnach, Maria Ní Ghairbhín , Niamh Ní Chonchubhair, Eimhear Ní Dhomhnaill*

# Foireann Peile Scoil Mhic Dara An Ceathrú Rua *2005/2006*



# Notaí



22, 1956

Iubhaile 50 Órga

Scoil Mhic Dara

An Cheathrú Rua

SMD

Ag comóradh an leathchéid

1956-2006

Scoil Mhic Dara
An Cheathrú Rua

1956 - 2006